

<b>Ainm an Tionscadail</b>	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
<b>Buntaifeadh</b>	D180
<b>Ainm an Agalláí</b>	Dónall (Dan) Mac Gairbheith
<b>Ainm an Agallóra</b>	Dónall Dinny Ó Gallachóir
<b>Dáta an Agallaimh</b>	06/02/2009
<b>Suíomh an Agallaimh</b>	Cnoc na gCaorach, An Clochán Liath
<b>Ainm an Tras-scríbhneora</b>	Anna Ní Pheanróis

(gáire)

(sos)

(--)

Tús bréige

`\_\_\_\_\_`

Focal dothuigthe

`\_\_\_\_\_+`

Níos mó ná focal amháin dothuigthe

....

Beirt ag caint ag an am amháin

[]

Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir

**DÓNALL DINNY:** Anois a Dan.

**DAN:** Anois.

**DÓNALL DINNY:** D'fhág muid amuigh, bhuel, níor fhág muid amuigh é, bhí muid ag caint ar nuair a cuireadh an t-uisce anuas as Loch Caol.

**DAN:** Loch Caol, *aye*.

**DÓNALL DINNY:** Anuas go Gaoth Dobhair agus inis domh faoi sin a Dan.

**DAN:** Bhuel, bhí ...

**DÓNALL DINNY:** ... Bhí giota oibre ann ...

**DAN:** ... bhí sean *system* i nGaoth Dobhair.

**DÓNALL DINNY:** Sean phíopaí.

**DAN:** Ach cá fhad a chuaigh sé, níl a fhios agam féin sin.

**DÓNALL DINNY:** Sé.

**DAN:** Píopaí iarainn a bhí ann san am sin. Bhuel líon sin uilig suas le meirg ar an taobh istigh.

**DÓNALL DINNY:** Líon cinnte.

**DAN:** *So* seo líne úr ansin ó Loch Caol anuas go raibh muid thoir ag teach, faoi theach thoir, *Eddie Gillespie* ar, i gCarraig ...

**DÓNALL DINNY:** ... Srath na Corcarach ...

**DAN:** ... Srath na Corcarach.

**DÓNALL DINNY:** Sé.

**DAN:** Bhéas mé frífa anois agus mothaím-sa iad ag caint agus ag tabhairt *laldy* do sa pháipéar agus achan rud, ag caint ar *asbestos*.

**DÓNALL DINNY:** Sé.

**DAN:** Bhuel, chuirfinn isteach *asbestos* san am sin.

**DÓNALL DINNY:** Sin píopaí *asbestos* a bhí sibhse a chur síos?

**DAN:** Sé. Ach go raibh siad cótáilte ar an taobh amuigh le cineál de, cineál inteacht de *liquid* dubh. Agus an rud céanna, taobh istigh. *But* nuair a ghearrfá iad, *asbestos* a bhí ann. Agus chuir muid soir an *Line*, nuair a tháinig muid anuas go dtí an droichead ansin, droichead an *railway*, mar a rachfá suas go Mín Uí Bhaoill, chuaigh muid soir an sean *railway*, soir an *track*. Carraig uilig a bhí ann.

**DÓNALL DINNY:** *Jesus*, agus ní raibh na *machinery* ann an t-am sin.

**DAN:** Bhí, bhí, bhí ceann de na *drilling hammers* sin, ceann de na, bhí sí ar JCB.

**DÓNALL DINNY:** *Right.*

**DAN:** Ag *Burke* san am sin.

**DÓNALL DINNY:** Sé. *Burke and Clancy* a bhí ag déanamh an obair?

**DAN:** *Burke* as..., thosaigh mise le *Burke* an chéad uair thíos i *Waterford*. Bhí *Charlie, Charlie Dinny*, bheadh bean *Bhurke*, bheadh sí ina *aunt* ag *Charlie* agus bhí *Charlie* ina *foreman* ar...

**DÓNALL DINNY:** An raibh sí ina deirfiúr ag *Charlie*?

**DAN:** Deirfiúr *Charlie*, *aye*.

**DÓNALL DINNY:** Bhí.

**DAN:** Agus casadh domh, bhí sé amuigh ag gabháil de mhóin lá amháin, bhí sé *home*, na bhaile ar *holidays* ná rud inteacht agus shuigh muid ag caint, dúirt sé "cá bhfuil fear, á *Jesus*" a dúirt sé. "Níl a dhath ag gabháil anois", a deirim-sa le tamall, "*Jesus*" a dúirt sé, "tá sé chomh maith agat a ghabháil síos liomsa". *Jesus* chuaigh. Agus ansin tháinig muid as sin. Bhí mé dhá bhliain nó mar sin thíos ansin. Agus tháinig mé na bhaile agus chuaigh mé na nGleanntach, thosaigh siad ar na Gleannta ansin. Agus chuaigh mé ag obair ar na Gleannta agus ansin bhí sin chóir a bheith críochnaithe agus chuaigh mé as sin go *Mullingar* agus bhí mé tamall maith in *Mullingar* agus thosaigh jab i nGaoth Dobhair ansin.

**DÓNALL DINNY:** Sé, bhuel, jab mór a bhí in cheann Ghaoth Dobhair, a Dan.

**DAN:** Ó, *Jesus*, jab mór cinnte a bhí ann agus ...

**DÓNALL DINNY:** ... Sin mílte móra fada anuas, anuas as barr an Toir ...

**DAN:** ... Ní raibh, anois ní raibh Charlie linn i nGaoth Dobhair, sé *foreman* a bhí ansin, *Ulich Joyce* as ...

**DÓNALL DINNY:** ... As Gaillimh ...

**DAN:** ... Gaillimh. Ba ghnách leis stopadh thíos i dtigh Sarah Dan. *But*, soir an *railway* ansin, bhí cúpla péas i nGaoth Dobhair san am sin, stócach amháin, as, as na Dúnaibh é agus Paidí, Paidí Boyce.

**DÓNALL DINNY:** Tá aithne agam air.

**DAN:** Agus bhí fear eile ann tamall a dtabharfadh siad *Guthrie* air. Agus san am sin, cineál, nuair a bhí an trioblóid ag gabháil ar aghaidh leis an chontae, chaithfeá ghabháil, ghabháil go *Rockhill* ná go *Lifford* fá choinne an t-*ammunition* agus chaithfeá péas a thabhairt leat. Mar mé féin a bhí ag déanamh an, ag gabháil den *ammunition* ar fad. Agus *landáladh* siad ansin, bhí na \_\_\_\_\_réidh agus sheasadh siad ansin go dtí go gcuirfeá isteach an t-*unsa* deireanach. Agus muna raibh tú ábalta é, úsáid uilig a dhéanamh do, chaithfeá é a dhódh os a gcoinne. *Aye*, Paidí Boyce agus an fear óg seo. *But* an lá a bheadh *Guthrie* leat, nuair a thiocfadh sé go dtí, thoir ansin an áit a bhfuil teach, teach an gheaftha ag Paidí Diver, nuair a bheadh sé ansin (gáire), bhaineadh sé, thógadh sé an bosca amach as an, as an charr agus chaitheadh sé síos ar an talamh é, "*It's there now*", a deireadh sé, "*and you's can do whatever bloody hell you's like with it*". (Gaire)

**DÓNALL DINNY:** Ba chuma leis.(Gáire)

**DAN:** D'imeodh sé na bhaile. Bhuel, *Jesus*, bhí corr ghiota iontach *handyáilte*.

**DÓNALL DINNY:** Sé.

**DAN:** *You see*, nuair a shíobfá thusa, thioctadh an digger ansin agus bheadh corr ghiota beag fágtha agus dam mbeifeá ábalta poll beag a bheith ann, poll beag a chur ann agus giota beag a bheith agat.

**DÓNALL DINNY:** Sé. Shéidfeadh sé amach, bhí sé úsáideach ...

**DAN:** ... Gan a dhul isteach, bhí sé ina obair iontach...

**DÓNALL DINNY:** ... Tá a fhios agam.

**DAN:** *So*.

**DÓNALL DINNY:** *But* bhí obair mhór romhaibh a Dan, bhfuil a fhios agat.

**DAN:** Ó, *Jesus*, bhí obair mhillteanach san am sin.

**DÓNALL DINNY:** Bhuail sibh creig go leor déarfainn?

**DAN:** Ó d'fhágfá, ó d'fhágfá an áit a raibh an droichead go dtí go dtiocfá amach thoir, thoir i gcúl theach Phaidí *Diver* i dteach an gheaftha. Agus chuaigh muid suas ansin, suas an caorán ansin, go dtí go mbeifeá thuas i gcúl, i gcúl theach *Hughie Doogan*, ná Leo.

**DÓNALL DINNY:** Sé, tá a fhios agam, ag barr Dhobhair.

**DAN:** Agus rinne siad, *bhuildáil* siad *supply tank* mór ansin. Bhuel ansin, tugadh píopa ansin, d'fhág muid sin ansin agus soir an bealach mór giota. Thiompaigh muid síos ag teach Mhicí Mac Aoidh ansin in Ard Donn agus *right* síos agus trasna na habhann, trasna an droichid, thóg muid an píopa aníos agus boltáladh don droichead é, *you see* agus trasna agus síos. Síos fríd Mín an Iolair.

**DÓNALL DINNY:** Sé.

**DAN:** Agus thíos faoi theach muintir Phaidí *Jack*.

**DÓNALL DINNY:** Tá a fhios agam.

**DAN:** Thiompaigh muid anonn an caorán, os coinne theach *Danny Doherty* anois...

**DÓNALL DINNY:** ... Sé...

**DAN:** ... Anonn an Seascann sin ...

**DÓNALL DINNY:** ... Tá a fhios agam, *rígh* ...

**DAN:** ... Ná chaithfeá, an rud seo a dtugann siad *mats* orthu, chaithfeá iad uilig a bheith agat faoin *digger, you see*, bhí sé chomh \_\_\_\_ sin. Cé a chonaic muid ag teacht trasna ach cé acu a hathair a bhí ann nó caidé ach *Veronica*. Agus ní raibh sí ró-bheag, "*Jesus*", a dúirt sé liomsa, "rachaidh sí in abar, b'fhéidir gur fhéad muid na *mats* a chur síos", a deir sé.

**DÓNALL DINNY & DAN:** (Gáire)

**DAN:** Ach chuaigh muid síos ansin agus chuaigh muid thart le cuid talaimh *Fred Coll*. Bun an Gharaidh.

**DÓNALL DINNY:** Seascann Beag.

**DAN:** Seascann Beag.

**DÓNALL DINNY:** *Yeah*.

**DAN:** Agus bhí aithne agam ar *Fred*. Tá mise ag déanamh go raibh *John Beag* marbh san am sin, *John Beag Coll* ...

**DÓNALL DINNY:** ... Á, ní dhéarfainn é ...

**DAN:** ... Bhí aithne agam ar airsean fosta. Bhí sé pósta ar ghirseach as Rann na Feirste.

**DÓNALL DINNY:** Sé.

**DAN:** Ní raibh teaghlach ar bith aige. Siúd an áit, sin an áit ar tháinig muid amach, thoir go díreach faoi teach an ghabha, Na Gillespies ansin ná fúthu ansin. Níl a fhios agamsa caidé a tharla ina dhiaidh sin, cé acu *continuealeadh* soir é ná a dhath. Níor tharraing *Burke* é ar scor ar bith. *But you see ...*

**DÓNALL DINNY:** ... Cén bhliain a bhí ann a Dan?

**DAN:** Ó *Jesus* cha dtiocfadh liom inse duit. *You see* nuair a rinneadh ceann na Rosa, sé fear ar a dtugadh siad *Mc Mahon* air an *engineer*, ná an *contractor*.

**DÓNALL DINNY:** Ó sé, rinneadh ina dhiaidh sin a Dan?

**DAN:** Á, *no, no*, roimhe sin.

**DÓNALL DINNY:** *No*, roimh sin.

**DAN:** Agus cúirt mise le John Burke, bhí aithne mhaith agam ar John, dúirt mise le John lá amháin, deirimse, duine deas a bhí ann, sheasfadh sé ag caint leat. Deirimse, "is iontach nach bhfuair tú ceann na Rosa". "Ní fuair" a dúirt sé, "ach gheobhaidh mé ceann Ghaoth Dobhair". (Gáire) Bhí *politics involved* in fosta, *you know*. Ó bhí.

**DÓNALL DINNY:** Sé, tá a fhios agam.

**DAN:** Bhuel bhí seise, sibhse, bean John, an raibh sí ina *full cousin* ag Cormac?

**DÓNALL DINNY:** Bhí, *aye*.

**DAN:** *Aye*, bhí mé ag déanamh, bhí mé ag déanamh.

**DÓNALL DINNY:** Tá a fhios agam.

**DAN:** *But* fear uasal a bhí ann, in sa *contractor*.

**DÓNALL DINNY:** Cad agus a mhair an jab sin a Dan?

**DAN:** Ó *Jesus*, mhair sé ...

**DÓNALL DINNY:** ... Tamall fada, déarfainn ...

**DAN:** Mhair sé 15 mhí na chóir a bheith 18 mí.

**DÓNALL DINNY:** Déarfainn sin.

**DAN:** *You know*, bhí obair mhór ag achan duine ...

**DÓNALL DINNY:** ... Bhí obair mhór romhaibh ...

**DAN:** ... Ná bhí uimhir le achan rud *you know*, a fháil isteach, ní raibh a dhath *handáilte you know*.

**DÓNALL DINNY:** *No*.

**DAN:** *No*. Is cuma caidé a rachfá a dhéanamh, *by Jesus*, bhuel bhí cúpla leoraí acu féin *you know* agus bhí an oifig thoir ansin trasna ó theach *Hughie Doogan* ansin, bhí oifig ansin acu. Agus níl a fhios agamsa cé acu a bhí muintearas ar bith aige don fhear a rinne an Chláidí nó nach raibh, bhuel sin *Malachy Burke you see*.



**DÓNALL DINNY:** Sílim gur fear, sílim gur fear muinteartha do \_\_\_\_\_.

**DAN:** Á, déarfainn-se go bhfuil.

**DÓNALL DINNY:** Sílim gurb é.

**DAN:** Bhuel, ansin, bhí deartháir aige, *Jim*, bhí seisean ina chineál de *general foreman* fosta, síos, síos an tír.

**DÓNALL DINNY:** *Mmm, hmm.*

**DAN:** Agus bhí *Jimí Ferry* ann agus *Neilly Mc Hugh* agus mise, agus *Danny Harley*, go ndéana Dia mhaith air, níl sé i bhfad ó fuair sé bás.

**DÓNALL DINNY:** Níl sé i bhfad curtha.

**DAN:** Agus *Phil Rodgers* as Mín na Craoibhe. Chuaigh muid síos ansin go raibh muid thíos in ...

**DÓNALL DINNY:** ... Bhí ochtar agaibh ann?...

**DAN:** ... *West Cork. Eh?*

**DÓNALL DINNY:** Bhí ochtar agaibh ann a Dan, an raibh?

**DAN:** Bhí ochtar againn ann anois, ó bhuel sin tuairim `s ar cúpla *fear as Galway*.

**DÓNALL DINNY:** Sé, ó bhuel, tá a fhios agam.

**DAN:** Nuair a rachadh muid síos go , *digger driver*, nuair a chuaigh muid síos ansin, chuaigh muid síos go ...

**DÓNALL DINNY:** ... *Go Cork ...*

**DAN:** ... Go áit a dtugann siad *Skull* air. Agus bhí muid ag stopadh i mbaile beag, bhí sé míle ná beirt ó *Skull*, a dtabharfadh siad *Ballydehob* air agus sin an áit ar tháinig an *wrestler* millteanach a bhí in Éirinn am amháin fad ó shin agus chuaigh mé amach go bhfaca mé a uaigh, *Dan O Mahoney* a bhéarfadh siad air. Bhí sé iontach maith ag *wrestláil* agus bhí sé in Meiriceá agus fuair sé ar aghaidh go maith. *By Jesus*, tháinig sé na bhaile ag gabháil a thabhairt an deartháir anonn, *Jack* agus bé Dia ar sábháil, fuair sé carr amach ar *hire* agus bhuail sé rud inteacht, *County Kildare*, maraíodh é.

**DÓNALL DINNY:** Maraíodh é.

**DAN:** Bhí Jack, chonaic mé féin Jack an deartháir. *So* deirim-se le seandúine eile a bhí ansin lá amháin, Domhnach amháin, bhí mé i mo sheasamh taobh amuigh den teach agus tháinig sé isteach, thosaigh muid a chaint. Thosaigh mé *on fá*, \_\_\_\_ fá Dan Ó Mahoney. Deirim-se "an raibh an láidreach" a deirim-se, "an raibh sé ins na daoine uilig go léir?" "Ó *Jesus, aye, bhí*", a deir sé. "An tAthair Mór" a deir sé, "bhí dhá phéas ar an bhaile seo" a deir sé agus "bheir sé orthu oíche amháin, chuir sé duine acu faoi achan ascaill, thug sé síos iad ag gabháil a mbá sa, ag gabháil a mbá sa ...

**DÓNALL DINNY & DAN:** (Ag gáire)

**DÓNALL DINNY:** Ionas dá mbáfá coileáin go díreach.

**DAN:** *Aye*, bhí sé ag gabháil a mbá anocht, bhí.

**DÓNALL DINNY & DAN:** (Ag gáire)

**DAN:** *But* bhí teach glactha againn agus bhí an t-ochtar againn ansin. Teach mór a bhí ann. *Mrs. Kelly* agus bhí a sheomra féin chóir a bheith ag achan duine. Bhí Charlie ansin. Ba ghnách le Joe Burke, bhí seisean ina *engineer*, ba ghnách le Joe a dhul síos, síos leis an phá agus rudaí mar sin, *you know*.

**DÓNALL DINNY:** An bé an cineál céanna oibre a bhí romhaibh ansin a Dan?

**DAN:** Ní hé, ag déanamh *sewer, sewerage*.

**DÓNALL DINNY:** *Right.*

**DAN:** *Aye* agus baile, baile iontach beag a bhí ann agus bhí siad ag caint ar *you know*, bailte móra ag quartú an rud chéanna, ní raibh siad a fháil. *But* bhí, bhí cuan deas ann agus ba ghnách leis na bádaí a theacht isteach agus uair amháin agus a bhí, fuair muid aithne orthu, *by Jesus*, d'fhantá thíos nuair a thiocthadh siad isteach. B'fhéidir go bhfaighfeá cúpla ...

**DÓNALL DINNY:** ... Beithíoch éisc a gheofá ...

**DAN:** ... Beithíoch éisc. Bhí siad iontach maith, bhí siad iontach maith.

**DÓNALL DINNY:** Bhí. Nuair a bhí aithne agaibh orthu.

**DAN:** Ó, bhí aithne againn orthu. Ansin, ní raibh a dhath amach uait ach oileáin; *Hare Island, Cow Island, Horse Island*, rudaí mar sin. Agus ansin ní raibh tú ach giota beag uaidh Sciobairín. Ó áit ghalánta sa samhradh.

**DÓNALL DINNY:** Sé.

**DAN:** Ó Dia ár sábháil. Bhuel ansin bhí *hotel* ann; *Barnett's* agus fear iontach dúranta a bhí ann ach nuair a chuaigh muid suas go dtí, os coinne an tí, tháinig sé amach lá amháin, deir sé le Charlie, "*what would be the chance of getting a, a second connection there?*" "Ó, bhuel", a dúirt Charlie, "*suppose no skin off my nose*". So sin a dúradh, níor dúradh níos mó. So, an lá seo, tráthnóna a bhí ann, bhí muid ag teach an phobail agus bhí muid inár seasamh ag caint. So, *Jesus* cé a

tháinig anall go dtí muid ach an boc. Deir sé "*had you boys your breakfast this morning?*" Suas, bé Dia ár sábháil, cha raibh mé ábalta é a ithe ná a ól.

**DÓNALL DINNY:** Chuir sé féasta air ...

**DAN:** ... Sin, ní dúirt sé níos mó.

**DÓNALL DINNY:** *No.*

**DAN:** A dhath ar bith, *that was all, that was it.* Agus shíl mise, tá a fhios agam nach raibh \_\_\_\_\_, sin na custaiméirí thíos ansin, bhí siopa ansin agus ba ghnách liom *cigarettes*, ba ghnách liom a bheith ag caitheamh san am, ba ghnách liom *cigarettes* a fháil ann agus an lá, achan Aoine, thioctadh leoraí agus chuirfeadh sí anuas bairille mór adhmaid agus \_\_\_\_\_ caidé a bhí ann sa bhairille, agus an lá seo ar scor ar bith, chuir sé an, agus tháinig mé isteach fá choinne na *cigarettes*. So bhí aithne agam air agus bhí aithne aigesan orm, fear an tsiopa. "Bhuel", a deirimse, "tá mé anseo anois le fada a *John* agus chím an bairille sin achan Aoine". "Bhí tú ag cur \_\_\_\_\_ caidé a bhí ann?" "Bhí", a deirimse. "Bhuel", a deir sé, "tá mise ag gabháil a oscailt anois ar scor ar bith".

**DÓNALL DINNY & DAN:** (Gáire)

**DAN:** D'oscail sé an bairille. Cloigne, cloigne muice agus iad saillte. Cloigeann muc.

**DÓNALL DINNY:** Sé, caidé?

**DAN:** Agus deir sé go raibh sé ábalta bairille acu sin a dhíol achan, achan seachtain. Cheannaíodh siad iad agus ghearradh siad suas iad agus chuireadh siad cáil agus *turnips* isteach leo agus bhruitheadh siad sin. Bhí fear eile ansin agus thioctadh leat cearca a cheannach. Beo. Bhí cearca aige. Bhí im baile aige. Bhí achan rud.

**DÓNALL DINNY:** Bhí achan t-sórt aige.

**DAN:** *Aye. Roarty, ó sin fear eile ar dhroim na slua, níor smaoinigh mé, Jimí Roarty. Hash, Hash Roarty a bhéarfaidh muid air, Jimí a ba ghnách an cócaireacht a dhéanamh. An lá seo cheannaigh sé trí chearc. (Gáire)*

**DÓNALL DINNY:** *B'fhéidir nár cheannaigh sé ar chóir ar bith iad.*

**DAN:** *Agus mharaigh sé iad. Agus "cé mhéid ar dhíol tú orthu a Jimí?" "Á, an oiread seo". Thógfadh duine inteacht páipéar, "Jesus, chím ar an mhargadh istigh..." in leithéid seo d'áit cearca leath an, a bheadh leath an luach *you see*, ó, bligeardacht. *But Jesus* c'áit ar phlucáil sé na trí chearc ach istigh sa *bhath*.*

**DÓNALL DINNY:** *(Gáire)*

**DAN:** *Chuaigh na cleití síos agus ó, Dia ár sábháil, ní raibh a phíopa sa teach nach raibh ... (gáire)*

**DÓNALL DINNY:** *... Ní raibh uisce ar bith ag imeacht ...*

**DAN:** *Ach ba ghnách leis sú a dhéanamh, mar a dúirt an fear iudaí, ó bhí sé bródúil as féin ag déanamh sú ach ba ghnách leo cuid mhór bligeardachta a dhéanamh air. Agus i gcónaí nuair a bheadh an sú ag gabháil, chuireadh sé gráinn beag salainn agus c'ainm atá air, piobar.*

**DÓNALL DINNY:** *Bhí sú ar dóigh a dhéanamh aige.*

**DAN:** *Ó, Jesus, bhí sú, bhí achan rud.*

**DÓNALL DINNY:** *Bhí.*

**DAN:** *But caidé a rinne Phil Rodgers oíche amháin ach *slackenáil* sé an *top* ar an phiobar. Ach by Jesus, nuair a chroith Jimí, *landáil* an *whole lot* ...*

**DÓNALL DINNY:** ... Thit an t-iomlán as a chéile ...

**DAN:** ... Ó Dia ár sábháil, dá mbeadh a fhios aige an oíche sin cé a rinne é.

**DÓNALL DINNY:** (Gáire) Bhí an cogadh ar obair.

**DAN:** Thosaigh muid ansin ag imirt chártaí agus fuair an sáirsint amach go raibh muid ag imirt chártaí, *you know*. Dúirt sé le Charlie oíche amháin, lá amháin caidé an seans dá rachadh sé suas an bhfaigheadh sé *game*. "Órú, tar isteach am ar bith a bhfuil dúil agat ann". *So* ba ghnách liomsa a bheith thuas san fhuinneog thuas, bheinn ag amharc síos sa \_\_\_\_\_ + ach chífinn an *mate* ag teacht aníos agus bhainfeadh sé dó an bairéad agus d'amharcadh sé síos an tsráid agus isteach agus thosódh sé ..., ní raibh \_\_\_\_\_ ach b'fhéidir sé pingin an coirnéal nó rud inteacht mar sin *you know*.

**DÓNALL DINNY:** Sé, ag cur thart an ama.

**DAN:** *But decidáil* muid ansin go raibh muid ag imeacht na bhaile, bhí an *whole lot* istigh in *jug* mór, gloine, chaitheadh achan duine isteach na pingíní. Ach bhí muid ag seifteáil ar scor ar bith aníos go *Waterford* agus fuair sé amach é agus tháinig sé aníos an oíche dheireanach a d'ímigh muid. Dúirt Charlie "cibé atá sa *jug* anocht", a dúirt sé, "cibé a bhaintheas é, an *lot*". *Jesus*, bhain an *sergeant* é. Bhuel, shílfeá gur míle punt a bhain sé.

**DÓNALL DINNY:** Sé.

**DAN:** "Anois" a dúirt sé le Tom, "nach imígí ar maidin" a dúirt sé, "go dtéigh sibh síos go dtí an bheairic go bhfágfaidh mise slán agaibh a dúirt sé". (Gáire) Bhí siad iontach deas, *you know*.

**DÓNALL DINNY:** Bhí siad.

**DAN:** *Aye, but*, ag gabháil ar ais go dtí an obair a rinneadh i nGaoth Dobhair, bhí sé, bhí sé mar a dúirt an phéarla / béarla??? ní raibh an talamh chóir a bheith crua ar bith *but* chaith sé, an *railway* sin, chaith sé ar gcúl giota mór, mór.

**DÓNALL DINNY:** Cad tuige sin a Dan?

**DAN:** Carraig uilig *you know*.

**DÓNALL DINNY:** Carraig uilig, sé.

**DAN:** Carraig uilig. *Foundations*. Agus is iomaí uair a smaoiním air ó shin, caint ar an *railway*, dá mbeadh an intleacht chéanna acu san am sin atá acu anois nuair a thógadh, tógadh an *railway*, dá ndéan siad, mar a rinne siad thuas i bpáirteanna d'Albain. Bhí, bhí an *foundation* agat, é a *surfacáil* agus áit \_\_\_\_\_ a chur achan chéad slat, nach millteanach an bealach a bheadh agat?

**DÓNALL DINNY:** Nach mbeadh? \_\_\_\_\_, sé.

**DAN:** Agus anois, tá daoine ag iarraidh *scenery*, bhí sé uilig agat.

**DÓNALL DINNY:** Tá a fhios agam, ó tá sin fíor, ba mhór an peacadh gur tógadh ...

**DAN:** Ó, Dia ár sábháil *almighty*. D'fhiach siad le é a stopadh san am sin ach thóg siad, an chéad tógáil go dtí stáisiún Ghaoth Dobhair. Bhí an traen ag teacht an fhad sin, go dtí sin agus ansin tógadh an *whole lot*. Chuir duine inteacht ceist caidé a rinne, a bhí siad a dhéanamh leis na ráillí uilig, dúirt duine inteacht a gcaitheamh ar a \_\_\_\_\_ (gáire).

**DÓNALL DINNY:** Sin an rud a bhí siad, am an chogaidh, bhí an \_\_\_\_\_.

**DAN:** \_\_\_\_\_, *aye, aye, aye*.

**DÓNALL DINNY:** Dan, chaith tú tamall thall in oileán, oileán Skye thall in Albain ag obair fosta.

**DAN:** Ó, Dia ár sábháil, bhí mé féin agus Hudaí ...

**DÓNALL DINNY:** ... Hudaí Dhónaill ...

**DAN:** ... Hudaí Dhónaill, Hudaí Ó Domhnaill, bhí muid ag obair in, le, abhus, in Dunfermline, *Baxter, Baxter & Son*. Agus bhí siad ag gabháil a dhéanamh ...

**DÓNALL DINNY:** ... An sin *Baxter and Beaty* ná ... ?

**DAN:** Ó *no, no*.

**DÓNALL DINNY:** Ní hé.

**DAN:** ... *Just Baxter, John Baxter* ...

**DÓNALL DINNY:** ... *No, Baxter* ...

**DAN:** Ba ghnách leis na bealtaí a dhéanamh agus achan rud mar sin *but* fuair sé an jab seo istigh ag *buildáil* droichead úr isteach go Port Rí, sin an main bhaile atá in Skye.

**DÓNALL DINNY:** Amuigh in Skye, sé.

**DAN:** So, cuireadh mise agus Hudaí isteach. Carbhán linn, carbhán. Thug *mate* isteach muid ar an *low-loader*, agus bhí an carbhán ar thaobh an bhealaigh mhóir ag taobh an droichid, áit chontúirteach. So dúirt Hudaí le *engineer*, lá amháin, dúirt sé, "níl a fhios agam an ligfeadh an fear sin isteach muid ag ceann an tí ansin, bheadh sé iontach *handáilte*". "Ó", a dúirt sé, "ná iarr a dhath ar é sin", a dúirt sé, "ní bhfaigheadh tú a dhath uaidh é sin". So ní raibh a fhios againne caidé a bhí thuas,



*but Jesus*, lá amháin, tháinig seise amach, an bhean, deir sí, “tá an vean in áit chontúirteach agaibh”. “Tá”, a dúirt Hudaí, “ach caidé a thig linn a dhéanamh”? “Isteach ag binn an tí”, a dúirt sí. Chuaigh muid isteach ansin, ó *Jesus*, bhí siad galánta, agus an fear, chuaigh sé ag obair fosta. *So by God*, an oíche seo, d’inis Hudaí an chraic. Ó deir sí, deir seise, “sin an rud a dhéanfadh siad cinnte, an bhfeiceann tú an áit ina bhfuil an teach *buildáilte* againne” a dúirt sí, “rinne siad a ndícheall le gan muid é a *bhuildáil* ansin agus bhuaile muid iad” agus sin an tuige a raibh seise . . . Tá fáilte romhaibh a deir sí.

**DÓNALL DINNY:** Sé.

**DAN:** Agus dhéanadh sí tae dúinn agus achan tráthnóna Dé Sathairn a déarfadh sí cé, cé atá an chéad uair. Sin an rud a bhí ansin agus líonadh sí an *bath* dúinn agus achan rud agus bhí siad galánta.

**DÓNALL DINNY:** Bhí.

**DAN:** *But* sin an tuige d’iarr an *engineer* orainn gan a dhul a ... agus an chéad lá tháinig sé anuas, chonaic sé an carbhán istigh ag binn an tí, d’oscail a bhéal ach níor dhúirt sé a dhath.

**DÓNALL DINNY:** Ní raibh sé ró-shásta.

**DAN:** *No, not at all, not at all.*

**DÓNALL DINNY:** *But* Dan bhí dúil agaibh thall in Skye?

**DAN:** Bhí, bhí agus achan oíche cosúil le thart anseo, bhí duine, bhí duine inteacht ag an doras ag quartú oibre. *Aye*. Bhí Hudaí ina chineál de *ghaffer* san am, *you know*.

**DÓNALL DINNY:** *Yeah*.

**DAN:** Tá cuimhne agam oíche amháin, tháinig fear, *by Jesus*, fuair sé obair, chuir, chuir, cuireadh ag obair é. Deir sé "má chuireann tú mise ag obair", a deir sé liom, "chomh maith le dhá fhear". (Gáire) Bulaí fir a bhí ann, *aye*, bulaí fir a bhí ann. *But* bhí siad iontach deas.

**DÓNALL DINNY:** *But* thit sibh amach leis an mhinistir a Dan?

**DAN:** *Eh?*

**DÓNALL DINNY:** Thit sibh amach le ministir a bhí ann, ar thit?

**DAN:** Ó, *aye, aye, aye*. (Gáire)

**DÓNALL DINNY:** Inis an scéal sin domh, ní choinneoidh mé ró fhada tú.

**DAN:** Ní raibh a fhios aige, ní raibh a fhios aige caidé muid ach *by Godda*, tháinig sé anuas agus cibé a raibh muid a chaint air ar scor ar bith agus, níl mórán, dúirt sé nach raibh mórán, níl mórán de do chineál-sa ar an bhaile seo agus a deir sé, ní dhéarfainn mórán ach go rachaidh tú ag obair Dé Domhnaigh fosta. Ach má théann a dúirt sé, ní bheidh sibh i bhfad ar an oileán.(Gáire)

**DÓNALL DINNY:** Bhí sin in éadan chreideamh s'acusan, a bheith ag obair Dé Domhnaigh.

**DAN:** *Aye*. Ó, cha níodh siad cupa.

**DÓNALL DINNY:** *No*.

**DAN:** Ní léifeadh siad páipéar.

**DÓNALL DINNY:** *No*, ní dhéanadh siad a dhath.

**DAN:** D'fhágtaí achan rud go dtí De Luain.

**DÓNALL DINNY:** Sé.

**DAN:** *And that was it.* Sin é a bhuel. *So* sin mar atá.

**DÓNALL DINNY:** Dan, inis domh giota beag faoi mharú an Mhairtíneach i nGaoth Dobhair? Bhí scéal agat ...

**DAN:** Ó, bhuel, sin, sin a bhfuil agamsa anois, gur, mhothóinn iad ag caint ar go minic. Agus déarfadh siad i gcónaí, bheadh sé ann b'fhéidir, gur as, gur fear as na Rosa é.

**DÓNALL DINNY:** A mharaigh é?

**DAN:** A dtugann siad Cónall Chondaí anois.

**DÓNALL DINNY:** Sé.

**DAN:** Níl, níl mé cinnte ar dúirt siad Mín na Craoibhe ná \_\_\_\_\_, ceann inteacht den bheirt, agus chuaigh sé soir ar dhroim beithígh é agus tharraing sé, bhí *frock* mhór air, *frock* fhada mhór, agus tharraing sé an pósta??? seo, go díreach an áit a bhfuil anois, a bhuel, idir teach *Johnny John Thaidhg* agus teach Chonall, \_\_\_\_\_.

**DÓNALL DINNY:** Ar an Bhun Bheag ansin?

**DAN:** Gur eisean, gur chaith an bhean seo ...

**DÓNALL DINNY:** ... Seál air ...

**DAN:** ... ar mhothaigh tú ariamh, seál agus gur bhuaile seisean \_\_\_\_\_. *But* ansin ní bhfuair a'n duine \_\_\_\_\_

**DÓNALL DINNY:** *No.*

**DAN:** Ná \_\_\_\_\_ ar a shon. Ní raibh a fhios ag, ní raibh siad cinnte.

**DÓNALL DINNY:** *No.* Níor cúisíodh a'n duine ariamh.

**DAN:** *But* bhí a fhios ag duine inteacht.

**DÓNALL DINNY:** *Á,* bhí a fhios.

**DAN:** Bhí a fhios, fuair sé amach ar dhóigh inteacht é.

**DÓNALL DINNY:** *Sé.* Abair píosa beag faoi mhuintir Loch an Iúir, caidé a deirtí faoi \_\_\_\_\_ pháobaí, inis an ceann sin .....

**DAN:** *Ó,* níl ach iad ag caint air *you know,* muna bhfuil siad, duine amháin ag bligeardacht ar an duine eile, *you know.* Muintir Loch an Iúir a bhain an tsúil as an pháobaire. Bean an athair ard ag dúil lena mharú. Ansin tháinig duine inteacht aníos ansin le cur cáin bhuí Anagaire agus cur buaga?? ar na brád. Cuir \_\_\_\_\_ + buí i lár an oileáin agus cuir coiligh ina mbarr.

**DÓNALL DINNY & DAN:** (Gáire)

**DAN:** Loch an Iúir an mhórtais, *aye,* bhí sin ann fosta.

**DÓNALL DINNY:** Loch an Iúir an mhórtais.

**DAN:** Loch an Iúir an mhórtais, *aye.*

**DÓNALL DINNY:** Dhia ár sábháil.

**DAN:** *Aye.*

**DÓNALL DINNY:** Dan, caithfidh muid a fhágáil ná ....

**DAN:** ... *Aye, right, right, right so.*

**DÓNALL DINNY:** Maith an fear.

**DAN:** *Right, Dónall.*

**DÓNALL DINNY:** Chífidh mé ar ais tú.

**DAN:** Maith go leor.

**DÓNALL DINNY:** Beidh lá eile againn.

**DAN:** Maith go leor.

**DÓNALL DINNY:** Maith tú a Dan.